AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.6.2023
COM(2023) 365 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

## TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

**i ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2015/2366/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA**

**i ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2015/2366/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach**

## Ábhar


**1. RÉAMHRÁ** ..... 3

**2. CUR I bhFEIDHM AGUS TIONCHAIR PSD2 GO GINEARÁLTA** ..... 3

**3. GNÉITHE SONRACHA DE PSD2** ..... 4

3.1. Baincéireacht oscailte ..... 4

3.2. Raon feidhme ..... 6

3.3. Cosaint tomhaltóirí ..... 8

3.4. Slándáil agus cosc calaoise ..... 10

3.5. Dí-rioscú agus saincheisteanna a bhaineann le hiomaíocht ..... 12

3.6. Forfheidhmiú ..... 13

3.7. Saincheisteanna eile ..... 13

**4. CONCLÚIDÍ** ..... 14

## GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| AIS | Seirbhís faisnéise cuntas |
| AISP | Soláthraithe seirbhíse faisnéise cuntais |
| API | Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár |
| ASPSP | Soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas |
| UMB | Uathmheaisín bainc |
| DORA | An Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil |
| ÚBE | An tÚdarás Baincéireachta Eorpach |
| EDIW | Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí |
| BCE | An Banc Ceannais Eorpach |
| LEE | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| EMD | An Treoir um Airgead Leictreonach |
| EMI | Institiúid ríomh-airgid |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| IBAN | Uimhir idirnáisiúnta chuntas bainc |
| IP | Íocaíocht ar an toirt |
| MIT | Idirbheart de thionscnamh ceannaí |
| MOTO | Postdíol nó díol ar an teileafón |
| NCA | Údarás inniúil náisiúnta |
| OB | Baincéireacht oscailte |
| OF | Airgeadas oscailte |
| PI | Institiúid íocaíochta |
| PISA | Scéimeanna agus socruithe ionstraimí íocaíochta |
| POS | Díolphointe |
| PSD2 | An Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta |
| PSP | Soláthraí Seirbhísí Íocaíochta |
| PSU | Úsáideoir seirbhísí íocaíochta |
| RPS | Straitéis íocaíochtaí miondíola |
| RTS | Caighdeáin theicniúla rialála |
| SCA | Fíordheimhniú láidir custaiméara |
| SEPA | Limistéar aonair d’íocaíochtaí euro |
| SFD | An Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta |
| TMM | Sásra (sásraí) faireacháin idirbheart |
| TPP | Soláthraí tríú páirtí |
| TSP | Soláthraí seirbhíse teicniúla |

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2[1]), soláthraítear creat le haghaidh gach íocaíochta miondíola intíre agus trasteorann san Aontas, bídís in euro nó ná bídís. Leis an gCéad Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD1[2]), a glacadh in 2007, bunaíodh creat dlíthiúil comhchuibhithe chun margadh comhtháite íocaíochtaí don Aontas Eorpach a chruthú. Thóg PSD2 ar PSD1, agus thug sé aghaidh ar bhacainní ar chineálacha nua seirbhísí íocaíochta agus chuir sé feabhas ar an leibhéal cosanta agus slándála do thomhaltóirí. Le clásal athbhreithniúcháin PSD2 (Airteagal 108, féach Foscríbhinn 1), ceanglaíodh ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar PSD2 faoin 13 Eanáir 2021 go háirithe maidir le muirir, raon feidhme, tairseacha agus rochtain ar chórais íocaíochta. Níorbh fhéidir an t-athbhreithniú a dhéanamh faoin dáta sin mar gheall ar an treoir a bheith trasuite go déanach ag roinnt Ballstát agus mar gheall ar an moill a bhí ar chur i bhfeidhm cuid dá rialacha, amhail rialacha maidir le Fíordheimhniú Láidir Custaiméara (SCA, féach mír 3.4 thíos)[3]. Dá bhrí sin, ní dhearnadh meastóireacht ar PSD2 go dtí 2022[4]. Tar éis na meastóireachta, agus i bhfianaise na Teachtaireachta ón gCoimisiún in 2020 maidir le Straitéis Íocaíochtaí Miondíola le haghaidh an Aontais[5], rinne an Coimisiún an cinneadh PSD2 a athbhreithniú. Gabhann an tuarascáil athbhreithnithe seo le dhá thogra reachtacha lena n-athbhreithnítear PSD2[6].

## 2. CUR I bhFEIDHM AGUS TIONCHAIR PSD2 GO GINEARÁLTA

Is iomaí athrú a tháinig ar an margadh seirbhísí íocaíochta le blianta beaga anuas. Tá fás leanúnach ar íocaíochtaí leictreonacha san Aontas, arbh fhiú €240 trilliún iad in 2021 (i gcomparáid le €184.2 trilliún in 2017)[7]. I dteannta an mhéadaithe ar úsáid cártaí, chuir teicneolaíochtaí digiteacha ar a gcumas do sholáthraithe nua teacht isteach sa mhargadh. Tá soláthraithe seirbhísí íocaíochta (PSPanna) neamhbhainc amhail institiúidí íocaíochta (PInna) agus institiúidí ríomh-airgid (EMInna) ann go forleathan anois, mar shampla. Is mór an fás atá tagtha ar sheirbhísí baincéireachta oscailte, lena n-áirítear seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta, i gcaitheamh na tréimhse sin (féach mír 3.1 thíos).

Le tuarascáil mheastóireachta PSD2, tagtar ar an gconclúid go raibh leibhéil éagsúla ratha ar PSD2 maidir lena chuspóirí a chomhlíonadh. Tá an cosc calaoise ar cheann de na réimsí a raibh tionchar dearfach soiléir ann, trí SCA a thabhairt isteach; cé go raibh a chur chun feidhme ní ba dhúshlánaí ná a raibh coinne leis, d'imir SCA tionchar mór cheana féin ó thaobh calaois a laghdú. Chomh maith leis sin, bhí PSD2 éifeachtach go háirithe maidir lena sprioc go ndéanfaí éifeachtúlacht agus trédhearcacht ionstraimí íocaíochta agus an rogha díobh a mhéadú d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Suíodh leis an meastóireacht, áfach, go bhfuil éifeachtacht PSD2 teoranta ó thaobh cothroime iomaíochta a bhaint amach, go háirithe ó thaobh na héagothroime a mhaireann idir PSPanna bainc agus neamhbhainc a leanann as an

---

[1] Treoir (AE) 2015/2366 an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach.

[2] Treoir (AE) 2007/64/CE an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach.

[3] Tá formhór na rialacha in PSD2 infheidhme ó bhí mí Eanáir 2018 ann, ach níor tháinig na cinn sin maidir le SCA i bhfeidhm go dtí mí Mheán Fómhair 2019.

[4] Is féidir teacht ar an Tuarascáil Mheastóireachta in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair, SWD 2023/231 final. Bhí an mheastóireacht bunaithe go páirteach ar thuarascáil ó chonraitheoir, VVA/CEPS, atá le fáil ag an nasc seo.

[5] COM/2020/592 final, an 24/9/2020.

[6] COM (2023) 366 final agus COM(2023) 367 final.

[7] BCE, Stóras Sonraí Staidrimh, *Payments Statistics Report* [Tuarascáil maidir le Staidreamh Íocaíochtaí], mí Iúil 2022.

easpa rochtana dírí ag PSPanna neamhbhainc ar chórais íocaíochta tábhachtacha áirithe. D'ainneoin na gcéadta soláthraithe seirbhíse neamhbhainc a bheith ag teacht chun cinn a fhreastalaíonn ar na milliúin cliant, is measctha an rath a bhí ar ghlacadh na baincéireachta oscailte san Aontas, óir tá saincheisteanna ann a bhaineann le feidhmíocht comhéadan rochtana sonraí le haghaidh soláthraithe seirbhíse baincéireachta oscailte. Cé go mbíonn ag méadú ar sholáthar trasteorann seirbhísí íocaíochta, is córais náisiúnta i gcónaí iad go leor córais íocaíochta (go háirithe córais cártaí dochair). Níor tháinig aon réiteach íocaíochta atá go hiomlán uile-Eorpach chun cinn go fóill. Tá a chéad réiteach íocaíochta uile-Eorpach á fhorbairt faoi láthair ag an Tionscnamh Eorpach Íocaíochtaí (EPI)[8]. Laghduithe costais ar cheannaithe de bharr modhanna nua íocaíochta níos saoire, bunaithe ar an mbaincéireacht oscailte mar shampla, níor tháinig ann dóibh go hiomlán fós. Ar an iomlán, d'ainneoin roinnt easnamh a bheith sa chreat PSD2 atá i bhfeidhm faoi láthair, tagtar ar an gconclúid leis an meastóireacht gur chumasaigh an creat an dul chun cinn i dtreo a chuspóirí.

Pléitear na saincheisteanna sin agus saincheisteanna eile ar bhealach níos mionsonraithe i roinn 3 thíos, ar a n-áirítear na saincheisteanna a chuirtear i dtábhacht in Airteagal 108 de PSD2 agus lena ndéantar achoimre níos ginearálta ar thoradh an athbhreithnithe ar PSD2.

## 3. GNÉITHE SONRACHA DE PSD2

### 3.1. Baincéireacht oscailte

Is é baincéireacht oscailte an téarma a thugtar ar an bpróiseas trína ndéanann soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas (AISPanna) agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta (PISPanna), ar a dtugtar i dteannta a chéile soláthraithe tríú páirtí (TPPanna), seirbhísí a rialáiltear le PSD2 a sholáthar d'úsáideoirí, nó a éascú dóibh, bunaithe ar rochtain a fháil – arna iarraidh sin d'úsáideoirí – ar a gcuid sonraí cuntas arna sealbhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóirí cuntas (ASPSPanna). Cé gurbh ann don bhaincéireacht oscailte san Aontas roimh PSD2, d'oibrigh TPPanna i dtimpeallacht neamhrialáilte den chuid is mó. Le PSD2, tugadh creat rialála cobhsaí don bhaincéireacht oscailte agus coimircí d'úsáideoirí. D'fhorchuir sé oibleagáid ar ASPSPanna éascú a dhéanamh do rochtain TPP ar shonraí íocaíochtaí gan aon oibleagáid chonarthach éigeantach, agus é de chuspóir aige forbairt na baincéireachta oscailte a spreagadh, agus bearta á leagan síos chun slándáil agus cosaint níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí.

Cé go rabhthas in ann treocht fáis a bhreathnú cheana féin sa bhaincéireacht oscailte roimh PSD2, lean an margadh seirbhísí baincéireachta oscailte de bheith ag fás ó bhí 2018 ann. Bíonn an líon TPPanna agus an líon úsáideoirí seirbhísí baincéireachta oscailte san Aontas ag dul i méid, agus bhí beagnach 19 milliún úsáideoir ann in 2021[9]. Leis an gcreat dlíthiúil, rinneadh rochtain rialáilte TPPanna ar chuntais íocaíochta a dhlisteanú agus slándáil úsáideoirí agus a gcuid sonraí a áirithiú. Léiríodh leis an meastóireacht ar PSD2, áfach, go bhfuil fadhbanna ann faoi láthair a mhéid a bhaineann le rochtain éifeachtach agus éifeachtúil ag TPPanna ar shonraí arna sealbhú ag ASPSPanna. Tá constaicí substaintiúla roimh TPPanna fós agus tuairiscíonn siad go minic nach mar a chéile ó thaobh cáilíochta nó feidhmíochta iad na comhéadain a ceapadh chun a rochtain ar shonraí[10] a éascú. Tuairiscíonn ASPSPanna go bhfuil costais mhóra cur chun feidhme ann as APInna[11] a fhorbairt agus is oth leo go

[8] Féach https://www.epicompany.eu/.

[9] Figiúr ó Juniper research, arna lua ag Statista. Níl aon staidreamh oifigiúil ann maidir leis an mbaincéireacht oscailte san Aontas.

[10] APInna de ghnáth, óir roghnaigh tromlach mór ASPSPanna API mar chomhéadan baincéireachta oscailte.

[11] Níos mó ná €2 billiún i gcostais cur chun feidhme aonuaire de réir tuarascáil ó chonraitheoir de chuid an Choimisiúin, VVA/CEPS.

gcoisceann creat reachtach PSD2 orthu muirear a ghearradh ar TPPanna as rochtain ar shonraí custaiméara a éascú trí APInna. Is minic a chuireann ASPSPanna míshástacht in iúl freisin maidir leis an mbeagán úsáide a bhaineann TPPanna as a gcuid APInna agus maidir leis an úsáid a leanann roinnt TPPanna de bheith ag baint as a gcomhéadan custaiméara seachas as API.

Ina fhianaise sin, is é an rud a roghnaigh an Coimisiún tar éis an athbhreithnithe ar PSD2 roinnt leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar an gcreat baincéireachta oscailte chun feabhas a chur ar a fheidhmiú, ach athruithe radacacha a sheachaint arbh fhéidir leo an chobhsaíocht a bhaint den mhargadh nó costais mhóra bhreise cur chun feidhme a ghiniúint. D'ainneoin go bhfuil caighdeáin éagsúla API ann san Aontas[12], measann an Coimisiún gur fearr gan comhéadan rochtana sonraí AE nua, a bheadh caighdeánaithe go hiomlán, a fhorchur. Bheadh roinnt buntáistí follasacha ag baint leis sin i dtéarmaí rochtana sonraí ag TPPanna. Bheadh sé costasach go maith don mhargadh ar an iomlán, áfach, dul in oiriúint do chaighdeán nua. Cé go bhfuil difríochtaí ann i gcónaí idir na caighdeáin API PSD2 atá i bhfeidhm san Aontas, tá siad tar éis cóineasú go substaintiúil le himeacht ama. Agus maíonn ceann amháin den dá phríomhchaighdeán API go bhfuil 80 % de APInna baincéireachta oscailte Eorpacha faoina réim[13]. Ina theannta sin, cé go bhfuil difríochtaí fós ann (arb é is cúis leo go minic éagsúlachtaí aonair ASPSP sna príomhchaighdeáin), soláthraíonn 'comhbhailitheoirí' API pointe aonair cur chun feidhme, lena dtugtar caoi do TPPanna ar cheangal comhuaineach a dhéanamh le APInna éagsúla iomadúla. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, le tacaíocht an mhargaidh den chuid is mó, go mbeadh na costais a bhainfeadh le caighdeán nua API aonair a thabhairt isteach san Aontas ní ba mhó ar an iomlán ná na tairbhí.

Ní léir don Choimisiún ach an oiread gur fiú athrú a dhéanamh ar riail réamhshocraithe PSD2 maidir le rochtain ar shonraí a cheadú do TPPanna gan gaol conarthach éigeantach agus gan cúiteamh airgeadais dá bhrí sin do ASPSPanna. Dá dtabharfaí athrú chomh radacach sin isteach san éiceachóras baincéireachta oscailte, d'fhéadfadh sé a bheith an-suaiteach agus ní bheadh aon ráthaíocht ann go gcuirfí feabhas mór go tapa ar fheidhmíocht comhéadan. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag an margadh, áfach, comhaontuithe a dhéanamh, lena ngabhfadh córas cúitimh, le haghaidh seirbhísí i dteannta na gceann a rialáiltear le PSD2 athbhreithnithe,[14] ach ba cheart gurbh fhéidir i gcónaí le haon TPP tairbhiú de sheirbhísí bunlíne PSD2 gan comhaontú conarthach roimh ré nó gan mhuirear. Ar an taobh eile, leagfar síos sna gníomhartha lena n-athbhreithnítear PSD2 íoscheanglais nua maidir le feidhmiú comhéadan tiomnaithe, lena n-áirítear tacar neamhchuimsitheach de chonstaicí baincéireachta oscailte a bhfuil toirmeasc orthu, chun an rochtain is fearr ar shonraí a áirithiú do TPP chun leas iomlán a gcliant.

Le PSD2, faoi láthair, ní mór do ASPSPanna dhá cheann de chomhéadain sonraí baincéireachta oscailte a choinneáil ar bun, is iad sin príomh-chomhéadan agus 'comhéadan cúltaca', ach amháin má thairbhíonn siad de dhíolúine uaidh sin. Ba cheart an córas réasúnta casta sin a chuíchóiriú, áfach: má chuireann ASPSPanna comhéadain thiomnaithe chomhlíontacha ar fáil lena soláthraítear do TPPanna na sonraí a theastaíonn uathu chun freastal ar a gcliaint, níl aon chúis le bheith ag leanúint leis an gceanglas sin go mbeadh dhá chomhéadan ann. Ina ionad sin, níor cheart a cheangal ar ASPSPanna ach comhéadan

---

[12] Go bunúsach, tá dhá cheann de phríomhchaighdeáin API PSD2 san Aontas (caighdeán 'Ghrúpa Bheirlín' agus caighdeán 'STET').

[13] PREASEISIÚINT – Tá tacaíocht á tabhairt ag Grúpa Bheirlín do scéimeanna nua íocaíochta Eorpacha (berlin-group.org)

[14] Amhail Scéim Rochtana ar Chuntais Íocaíochta SEPA, mar shampla, a bhfuil plé á dhéanamh ag an margadh faoi láthair uirthi. Scéim Rochtana ar Chuntais Íocaíochta SEPA | An Chomhairle Eorpach um Íocaíochtaí

baincéireachta oscailte 'tiomnaithe' amháin a choinneáil ar bun go buan[15]. Ach ní mór uasghrádú substaintiúil ar leibhéal feidhmíochta na gcomhéadan agus córas forfheidhmithe láidir a bheith ann má táthar chun deireadh a chur leis an gcomhéadan buan cúltaca, a úsáideann roinnt mhaith TPPanna go minic fós i bhfianaise cáilíocht fho-optamach APInna áirithe. Is dhá réamhriachtanas fhíor-riachtanacha iad sin chun an timpeallacht atá ann faoi láthair a shimpliú agus chun deireadh a chur leis an gceanglas maidir le comhéadan buan 'cúltaca' a choinneáil ar bun. Fiú má tá siad ar ardchaighdeán, áfach, d'fhéadfadh APInna briseadh síos uaireanta agus ní mór, sna himthosca sin, TPPanna a chur ar fáil mar bhealach chun leanúnachas gnó a chaomhnú trí rochtain shealadach teagmhais ar shonraí. Ar deireadh, chun iontaoibh tomhaltóirí sa bhaincéireacht oscailte a mhéadú agus chun an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí baincéireachta oscailte a éascú agus chun feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí, ceanglófar ar bhainc agus ar ASPSPanna eile uirlis TF ('deais') a chur ar fáil dá gcliaint a úsáideann seirbhísí baincéireachta oscailte lena ligfear dóibh sracfhéachaint a thabhairt ar cé na cearta rochtana sonraí a dheonaigh siad agus cé dóibh ar dheonaigh siad iad agus, más mian leo, rochtain TPP ar a gcuid sonraí a chur ar ceal tríd an uirlis sin.

In éineacht leis an dá thogra lena n-athbhreithnítear PSD2, tá togra reachtach á chur i láthair ag an gCoimisiún maidir le rochtain ar shonraí faisnéise airgeadais (FIDA), lena ndéanfar an oibleagáid rochtain a sholáthar ar shonraí airgeadais a leathnú chuig sonraí cuntas íocaíochta ('Airgeadas Oscailte'). Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhféidearthacht go n-aistreofaí AISPanna ó PSD chuig creat FIDA amach anseo. Cé go bhféadfadh ciall a bheith le haistriú den sórt sin ar deireadh, i bhfianaise chineál an ghnó a dhéanann AISPanna, bheadh riosca nach beag ann go gcuirfí isteach agus go mbeadh bristeacha ar chearta rochtana sonraí AISPanna dá ndéanfaí aistriú den sórt sin roimh am, i.e. sula mbeidh 'scéim' ann, a bheidh ina réamhriachtanas chun go dtarlóidh an tAirgeadas Oscailte[16]. Ní ann faoi láthair d'aon scéim den sórt sin sa mhargadh baincéireachta oscailte, cé go bhfuil ceann amháin á dhearadh faoi láthair ag rannpháirtithe sa mhargadh. Measann an Coimisiún dá bhrí sin gur fearr cur chuige céimneach a ghlacadh agus foráil a dhéanamh maidir le haistriú den sórt sin nuair a bheidh creat FIDA lánfheidhmiúil agus gan sin a dhéanamh ach amháin más rud é go meastar agus nuair a mheastar na coinníollacha maidir le haistriú rianúil a bheith iomchuí.

### 3.2. Raon feidhme[17]

Rinneadh modhanna nua íocaíochta a fhorbairt ó glacadh PSD2, amhail íocaíochtaí meandracha nó licíní ríomh-airgid (EMTanna, ar cineál cripteashócmhainne iad[18]). Ar tháirgí nua eile tá tiachóga leictreonacha ('tiachóga urrús faoi bhealach' go sonrach) lena gceadaítear, tríd an téacschomharthú sócmhainní, úsáid ionstraime íocaíochta trí bhíthin gaireas móibíleach chun íocaíochtaí ar líne nó éadadhaill a dhéanamh. Seirbhísí nua a éascaíonn soláthar seirbhísí íocaíochta ach nach seirbhísí íocaíochta iad féin, amhail seirbhísí 'ceannaigh anois, íoc ar ball' agus seirbhísí 'iarrtha íocaíochta', tháinig siad sin chun cinn freisin.

Tá roinnt mhaith soláthraithe a sholáthraíonn seirbhísí nua den sórt sin eisiata ó raon feidhme PSD2 mar 'sholáthraithe seirbhíse teicniúla' (TSPanna). Áirítear orthu sin oibreoirí córas

---

[15] Ach amháin i gcás ina ligfidh a n-údarás maoirseachta thar ceal dóibh, ar fhorais na comhréireachta, comhéadan tiomnaithe a bheith acu i bhfianaise a samhla gnó.

[16] Féach an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Ionstraim um Shonraí), COM(2022) 68 final an 23 Feabhra 2022.

[17] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 58(2) DORA; féach Foscríbhinn 2.

[18] Déantar iad sin, chomh maith le cripteashócmhainní eile nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid mar mhodh íocaíochta, a rialáil i Rialachán (AE) 2023/1114 an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní (MiCA).

íocaíochta agus soláthraithe seirbhíse amhail próiseálaithe nó tairseacha íocaíochta a thacaíonn le soláthar seirbhísí íocaíochta ag PSPanna rialáilte cé nach PSPanna iad féin. Tá ról an-mhór bainte amach ag cuid de na TSPanna sin sa slabhra íocaíochta ó glacadh PSD2 agus tá stádas gar-sistéamach, fiú, bainte amach ag cuid díobh, amhail próiseálaithe móra sonraí íocaíochtaí, i roinnt Ballstát. Is léir go bhféadfadh an staid sin rioscaí nua a chruthú i dtimpeallacht íocaíochtaí an Aontais.

Ina fhianaise sin, is ábhartha an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA)[19]. Áirítear PSPanna de réir bhrí PSD2 faoi raon feidhme DORA, a bhfuil feidhm dhíreach ag a fhorálacha maidir leo. Oibreoirí córas íocaíochta, áfach, nach bhfuil faoi réir córas ceadúnúcháin faoi PSD2 faoi láthair[20], ní thagann siad faoi raon feidhme DORA toisc nach bhfuil feidhm ag DORA ach maidir le heintitis airgeadais a rialáiltear agus a ndéantar maoirseacht orthu faoi reachtaíocht an Aontais. Sainordaíodh don Choimisiún le DORA, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar PSD2, breithniú a dhéanamh ar *'oibreoirí córas íocaíochta agus eintitis a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí próiseála íocaíochta'* a chuimsiú faoi raon feidhme PSD2, lena gceadófaí dá thoradh sin iad a chuimsiú faoi raon feidhme DORA[21].

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cuimsiú roimh am a bheadh ann dá ndéanfaí ag an gcéim seo é. Níl aon ghnáth-thuairim ar an gceist sin i measc na bpáirtithe leasmhara – bídís príobháideach nó poiblí – a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leo le linn a athbhreithnithe ar PSD2, agus níor breathnaíodh go fóill aon díobháil nó riosca soiléir do thomhaltóirí nó do ghníomhaithe eile sa mhargadh. Roinnt mhaith de na seirbhísí atá eisiata faoi láthair agus a soláthraithe, tá siad faoi réir fhormhaoirseacht an Bhainc Ceannais Eorpaigh/an Eurochórais cheana féin nó is gearr go mbeidh (bunaithe ar Airteagail 127, mír 2, den Chonradh). Cumhdaítear scéimeanna agus 'socruithe' mar a thugtar orthu (amhail tiachóga digiteacha) le creat formhaoirseachta nua 'PISA' an Eurochórais, atá á rolladh amach de réir a chéile faoi láthair. Ba mhór an riosca a bheadh ann, dá bhrí sin, go ndéanfaí dúbailt dá gcuirfí sraith nua formhaoirseachta AE leis an tsraith formhaoirseachta a dhéanann BCE/an Eurochóras cheana, gan fianaise láidir a bheith ann ar an ngá léi. Ina theannta sin, is éard is príomhloighic le PSD2 rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí a sholáthraítear d'úsáideoirí deiridh (tomhaltóirí, ceannaithe) agus ní ar sheirbhísí a bhaineann le hoibriú bonneagar íocaíochta, ná ar sheirbhísí a thacaíonn le feidhmiú seirbhísí íocaíochta nach seirbhísí íocaíochta iad féin (mar shampla próiseáil sonraí íocaíochta, oibriú teirminéal íocaíochta, néalseirbhísí etc.) nó ar sheirbhísí nach ndéanann ach úsáid ionstraime íocaíochta a éascú, gan baint a bheith ag aon seirbhís íocaíochta rialáilte leis. Is gnách le reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais saincheisteanna a bhaineann le tomhaltóirí agus rialáil ar shaincheisteanna mórdhíola agus bonneagair a dhealú ó chéile i bpíosaí reachtaíochta ar leithligh[22].

Is maith a thuigeann an Coimisiún, áfach, a thábhachtaí atá na hoibreoirí neamh-mhaoirsithe sin ó thaobh seirbhísí íocaíochta a sholáthar, agus cé na rioscaí do chórais íocaíochta agus don chobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena ngníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, laistigh de 3 bliana ó chuirtear an reachtaíocht athbhreithnithe i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú críochnúil, bunaithe ar fhianaise agus i ndlúthchomhar le BCE/leis an Eurochóras, lena ndéanfar measúnú go háirithe ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le córas

[19] Rialachán (AE) 2022/2554 an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais.

[20] Mar sin féin, le ceann amháin d'Airteagail PSD2, is é sin Airteagal 35, forchuirtear ceanglais ar oibreoirí córas íocaíochta.

[21] Airteagal 58(2) DORA. Féach Foscríbhinn 2.

[22] MiFID (Treoir 2014/65/AE an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais) agus an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) i réimse na n-urrús, mar shampla.

tiomnaithe ceadúnúcháin agus maoirseachta AE le haghaidh cuid de na heintitis a bhí eisiata go dtí seo i dteannta an chórais maoirseachta atá ann cheana. Tá gá leis an amscála sin chun fianaise leordhóthanach ar chur chun feidhme a bhailiú.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, sa togra le haghaidh athbhreithniú ar PSD2 ní dhéantar ach soiléirithe fíor-riachtanacha maidir le rialacha agus raon feidhme PSD2 san áit a bhfuil débhríocht faoi láthair, ach gan athruithe móra a thabhairt isteach ar an raon feidhme atá ag PSD2 faoi láthair.

Is tosaíocht don Choimisiún í an rochtain ar airgead tirim. Rannchuidíonn an togra nua leis an sprioc sin tríd an rochtain ar airgead tirim a éascú. Faoi láthair, faoi PSD2, féadfaidh miondíoltóir airgead tirim a sholáthar do chustaiméir gan cheadúnas PSP, ach ní féidir sin ach amháin i gcomhlachas le ceannach (‘aisairgead’). Chun an rochtain ar airgead tirim a mhéadú a thuilleadh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cead a thabhairt do mhiondíoltóirí seirbhís a chur ar fáil ina soláthraíonn siad airgead tirim do chustaiméir fiú mura ndéanann sé ceannach, gan bheith ar an miondíoltóir ceadúnas PSP a fháil nó a bheith ina ghníomhaire d’institiúid íocaíochta. Tá an méid sin bainteach le coinníollacha áirithe, amhail caidhp €50[23] in aghaidh na haistarraingthe agus oibleagáid nochtadh a dhéanamh ar aon táille a ghearrtar.

Ceanglaítear ceadúnas PSP go ginearálta chun airgead tirim a dháileadh trí UMBanna, ach tá eisiamh in PSD2 a bhaineann le hoibreoirí áirithe UMB neamhbhainc, a bhfuil coinníollacha sonracha ag gabháil leis[24]. Léiríodh go bhfuil sé deacair an t-eisiamh sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Beartaítear dá bhrí sin an t-eisiamh a bhaint, ach go n-áireofar sa raon feidhme oibreoirí UMB nach bhfreastalaíonn ar chuntais íocaíochta trína gcur faoi réir córas clárúcháin níos éadroime agus leibhéal iomchuí rialála (ceanglófar trédhearcacht maidir le táillí, mar shampla).

### 3.3. Cosaint tomhaltóirí

*i. Rialacha maidir le muirir*[25]

Le PSD2 ceadaítear d’íocaithe muirir a fhorchur ar íocóirí chun iad a stiúradh i dtreo ionstraimí íocaíochta áirithe a úsáid (rud ar a dtugtar ‘formhuirearú’). Coisctear íocaithe, áfach, ó bheith ag iarraidh muirear as úsáid ionstraimí íocaíochta a rialáiltear táillí idirmhalartaithe lena n-aghaidh faoin Rialachán maidir le Táillí Idirmhalartaithe[26], i.e. i gcás cártaí dochair agus creidmheasa tomhaltóirí arna n-eisiúint faoi scéimeanna cártaí ceithre pháirtí, agus i gcás na seirbhísí íocaíochta sin a bhfuil Rialachán SEPA[27] infheidhme maidir leo, i.e. aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro. Ceadaítear faoi láthair do na Ballstáit toirmeasc níos leithne a chur ar an bhformhuirearú, nó teorainn níos leithne a chur leis, agus baineadh úsáid as an rogha sin i níos mó ná leath de na Ballstáit. Measann an Coimisiún nach gá cleachtais mhuirearaithe idir na Ballstáit a ailíniú nó a mhodhnú a thuilleadh, mar tá an toirmeasc ar fhormhuirearú infheidhme maidir le 95 % d’íocaíochtaí san Aontas cheana féin. Tacaíonn an chuid is mó de na freagróirí sa chomhairliúchán poiblí leis an gconclúid sin. An toirmeasc ar fhormhuirearú in PSD2, áfach, ní leathnaíonn sé faoi láthair chuig aistrithe creidmheasa ná dochair dhíreacha a ainmnítear in airgeadraí AE nach bhfuil sa

[23] Go háirithe chun iomaíocht chothrom le UMBanna a chaomhnú agus ionas nach rithfidh siopaí as airgead tirim go tapa.

[24] Airteagal 3(o) PSD2.

[25] Freagraíonn an roinn seo d’Airteagal 108(a) PSD2; féach Foscríbhinn 1.

[26] Rialachán (AE) 2015/751 an 29 Aibreán 2015 maidir le táillí idirmhalartaithe ar idirbhearta íocaíochta cártabhunaithe.

[27] Rialachán (AE) 260/2012 an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro.

limistéar euro. Ó tharla nach bhfuil aon réasúnaíocht shoiléir leis an srian sin, beartaíonn an Coimisiún an toirmeasc ar fhormhuirearú a leathnú chuig gach aistriú creidmheasa agus dochar díreach i ngach airgeadra.

*ii. Rialacha maidir le hidirbhearta le tríú tíortha*[28]

Tá feidhm ag PSD2 maidir le hidirbhearta íocaíochta laistigh den Aontas Eorpach agus ó aon tríú tír, agus chuig aon tríú tír, in aon airgeadra (lena n-áirítear airgeadraí nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad); tá a fhorálacha teoranta do na codanna sin d'idirbheart a dhéantar san Aontas, áfach. Cumhdaítear táillí agus trédhearcacht táillí ar íocaíochtaí laistigh den Aontas leis an Rialachán maidir le híocaíochtaí trasteorann[29], ach ní chumhdaítear leis an Rialachán sin idirbhearta seoltáin agus aistrithe creidmheasa ón Aontas chuig tríú tíortha. I gcás inar gá comhshó airgeadra a dhéanamh, is minic gur sciar tábhachtach de na costais iomlána iad na costais a bhaineann leis an gcomhshó sin. I gcás idirbhearta ón Aontas chuig tríú tíortha, is deacair do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir muirir soláthraithe éagsúla gan trédhearcacht iomlán maidir le costais agus táillí; dá dheasca sin, d'fhéadfadh sé go roghnóidís soláthraí nach é an soláthraí is oiriúnaí dá riachtanais é. Ina theannta sin, faoi PSD2 atá i bhfeidhm faoi láthair, níl aon cheanglas ar PSPanna meastachán a thabhairt don úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an uasmhéid ama a thógfaidh na hidirbhearta sin.

Iomaíocht a chur chun cinn agus táillí a laghdú ar aistrithe creidmheasa idirnáisiúnta agus seoltáin, tá sé sin ar cheann de na cuspóirí atá ag Treochlár G20 maidir le híocaíochtaí trasteorann[30]. Dá bhrí sin, i gcás aistrithe creidmheasa agus seoltáin airgid ón Aontas chuig tríú tíortha, beartaíonn an Coimisiún go mbeadh oibleagáid ann an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta a chur ar an eolas faoi na muirir mheasta comhshó airgeadra, i gcomhréir le ceanglais faisnéise atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le hidirbhearta laistigh den Aontas, agus faoin am measta a thógfaidh sé ar sholáthraí seirbhísí íocaíochtaí an íocaí i dtríú tír na cistí a fháil. Ní bheartaíonn an Coimisiún, áfach, uasmhéid ama a shocrú le haghaidh aistrithe creidmheasa agus aistrithe cistí ón Aontas chuig tríú tíortha, toisc go mbraitheann sé sin go páirteach ar bhainc lasmuigh den Aontas Eorpach nach bhfuil faoi réir rialacha an Aontais.

*iii. Tairseacha a bhaineann le heisiamh líonraí cumarsáide leictreonaí*[31]

Eisiatar ó raon feidhme PSD2 idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh ag soláthraí líonra cumarsáide leictreonaí, ar ó ghaireas leictreonach nó trí ghaireas leictreonach a dhéantar iad nó chun ábhar digiteach nó seirbhísí guthbhunaithe a cheannach (e.g. clingthoin, ceol agus ardseirbhísí SMS), i gcás ina ngearrtar an t-idirbheart ar bhille an rannpháirtí. Tá an t-eisiamh sin teoranta do EUR 50 in aghaidh an idirbhirt agus EUR 300 in aghaidh na míosa. Níor shainaithin an Coimisiún, ina athbhreithniú ar PSD2, aon saincheist a bhaineann le leibhéil reatha na dtairseach éagsúil a shocraítear in PSD2. I bhfianaise na fianaise a fuarthas ina athbhreithniú, ní bheartaíonn an Coimisiún athrú a dhéanamh ar na tairseacha, ach leanfaidh sé de bheith ag déanamh faireacháin ar a leordhóthanacht.

---

[28] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 108(b) PSD2; féach Foscríbhinn 1. Tuigfear 'tríú tíortha' mar thíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

[29] Rialachán (AE) 2021/1230, ina bhfuil oibleagáidí trédhearcachta maidir leis an méid iomlán measta agus na muirir comhshó airgeadra is infheidhme.

[30] https://www.fsb.org/wp-content/uploads/P131021-1.pdf.

[31] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 108(d) PSD2; féach Foscríbhinn 1.

*iv. Rialacha maidir le blocáil cistí*[32]

I gcás ina n-úsáidfear cárta íocaíochta chun méid neamhchinnte a íoc (ag stáisiún peitril, óstán nó gnólacht carranna ar cíos, mar shampla), is gnách go mblocálann PSP an íocóra cistí ar an gcárta tar éis don íocóir a thoiliú a thabhairt. Níl cistí blocáilte ar fáil don úsáideoir lena gcaitheamh go dtí go scaoilfear iad, rud ar féidir leis deacrachtaí airgeadais a chruthú. Léiríonn an fhianaise go bhféadfadh cistí blocáilte a bheith díréireach nó míréasúnach ard i gcomparáid leis an méid deiridh, nuair is eol sin. Ní féidir saincheist na méideanna blocáilte iomarcacha a réiteach trí chaidhpeanna a thabhairt isteach, toisc go bhféadfadh méideanna blocáilte an-éagsúil a bheith ag teastáil i gcásanna éagsúla (ceannach breosla, cíos cairr, fanacht in óstán, etc.). Bhí tromlach na bpáirtithe leasmhara sa chomhairliúchán poiblí den tuairim chéanna[33]. Baineann saincheist ghaolmhar eile le héagsúlachtaí in uainiú scaoileadh cistí blocáilte neamhúsáidte, arb amhlaidh, de réir an aiseolais a fuarthas, go bhféadfadh sé tógáil suas le roinnt seachtainí iad a scaoileadh nó go mbeadh iarraidh shainráite ag teastáil ón íocóir lena aghaidh. Ina fhianaise sin, beartaíonn an Coimisiún athruithe a dhéanamh chun íocaíocht cistí blocáilte neamhúsáidte a bhrostú agus chun a cheangal go mbeidh an méid blocáilte comhréireach leis an méid deiridh a bhfuil coinne leis, seachas tabhairt isteach dearbh-uasmhéideanna a bheartú.

### 3.4. <u>Slándáil agus cosc calaoise</u>

I réimse na calaoise, ba í tabhairt isteach SCA an mhórnuálaíocht a rinne PSD2. Dhá fhachtóir fíordheimhniúcháin atá i gceist leis sin bunaithe ar eolas (e.g. pasfhocal), ar sheilbh (amhail cárta) nó ar ghné dhílis (amhail méarlorg). Le PSD2, ceanglaítear ar PSPanna SCA a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfaighidh an t-íocóir rochtain ar chuntas íocaíochta ar líne, ina dtionscnóidh sé idirbheart íocaíochta leictreonach nó ina ndéanfaidh sé aon ghníomhaíocht trí chainéal cianda a bhféadfadh riosca calaoise íocaíochta nó mí-úsáidí eile a bheith ag baint léi. Léiríonn an mheastóireacht a rinne an Coimisiún gur éirigh thar cionn le SCA cheana féin laghdú a dhéanamh ar chalaois. Maidir le cianíocaíochtaí cárta, mar shampla, tá an leibhéal calaoise 70-80 % níos lú in idirbhearta arna bhfíordheimhniú le SCA ná mar atá in idirbhearta gan an fíordheimhniú sin[34]. Mar sin féin, ba dhúshlánach an rud é SCA a bheith á thabhairt isteach go céimnitheach ag an margadh, rud a chuir moilleanna móra ar a rolladh amach iomlán. Na costais a tabhaíodh as SCA a thabhairt isteach[35], cuireann rannpháirtithe sa mhargadh i dtábhacht go tráthrialta iad agus b'fhearr le roinnt mhaith acu cur chuige níos cuspóirbhunaithe a bheith ann chun laghdú a dhéanamh ar an aimhréireacht a bhaineann le SCA in idirbhearta leictreonacha. Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh tabhairt isteach SCA a bheith ní ba rianúla agus gurbh fhéidir, go cinnte, coinne níos fearr a bheith ag an margadh leis, a rinne gannmheastachán ar a chasta a bheadh an t-ascnamh agus ar an tionchar a d'imreodh sé. Ní sé beartaithe ag an gCoimisiún a chur chuige i leith SCA a athrú, áfach, i bhfianaise na dtorthaí an-dearfach a fuarthas cheana féin dá bharr i dtéarmaí leibhéil chalaoise agus ó tharla go bhfuil cur amach ar SCA ag an gcuid is mó dá úsáideoirí, faoin tráth seo agus tar éis a thabhairt isteach chéimnithigh.

[32] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 108(f) PSD2; féach Foscríbhinn 1.

[33] Tá na freagraí ón gcomhairliúchán poiblí le fáil ag an nasc seo.

[34] Údarás Baincéireachta Eorpach, Discussion paper on EBA's preliminary observations on selected payment fraud data under PSD2, as reported by the industry [Plépháipéar maidir le réamhbharúlacha ÚBE i leith sonraí calaoise íocaíochta roghnaithe faoi PSD2, mar a thuairiscigh an tionscal], ÚBE/DP/2022/01, 17 Eanáir 2022.

[35] De réir tuarascáil ón gconraitheoir, VVA/CEPS, níos mó ná €5 billiún i gcostais cur chun feidhme aonuaire, agus iad fritháirithe ag laghdú bliantúil ar chalaois de bheagnach €1 billiún in aghaidh na bliana.

Bhí roinnt dúshláin choincréiteacha do roinnt mhaith tomhaltóirí AE ag baint le tabhairt isteach SCA, a rinne difear don deis a bhí acu íocaíochtaí leictreonacha a dhéanamh. Creideann an Coimisiún gur cheart gach aon duine a bheith in ann SCA a dhéanamh, gan beann ar a sláinte, ar a n-aois nó ar a riocht. Ní mór, dá bhrí sin, modhanna a bheith i bhfeidhm ag PSPanna chun SCA a dhéanamh a fhreastalaíonn ar an gcliaint uile agus ní orthu sin amháin a bhfuil fós cliste acu nó atá eolach ar an teicneolaíocht, mar shampla. Ceanglóidh an Coimisiún ar PSPanna úsáid SCA a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, agus daoine eile a bhfuil deacrachtaí acu maidir le SCA a úsáid, mar shampla, i gcomhréir leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht[36].

D'ainneoin a fheabhas a d'éirigh leis, ní thugann SCA aghaidh ar gach cineál calaoise. Agus cineálacha nua calaoise ag teacht chun cinn, go háirithe calaois 'innealtóireachta sóisialta', ina ndéanann calaoiseoirí a n-íospartach a ionramháil sa chaoi go léireoidh sé a dhintiúir nó go seolfaidh sé cistí chuig íocaí neamhdhlisteanach, a bhfuil SCA ar bheagán éifeachta ina leith, tá bearta nua maidir le cosc calaoise agus sásamh araon beartaithe ag an gCoimisiún[37]. Áirítear orthu sin feabhsuithe ar chur i bhfeidhm SCA (e.g. soiléirithe maidir leis an gcás ina gcáilíonn idirbheart mar idirbheart de thionscnamh ceannaí nó mar phostdíol nó díol ar an teileafón), bunús dlí a chruthú chun go roinnfidh PSPanna faisnéis a bhaineann le calaois agus lánurraim á tabhairt do RGCS, mar a d'iarr an margadh d'aon toil, oibleagáid ar PSPanna gníomhaíochtaí oideachais a dhéanamh chun feasacht custaiméirí ar an gcalaois íocaíochtaí a mhéadú agus IBAN/seirbhísí fíordheimhniúcháin ainm a leathnú ó íocaíochtaí meandracha amháin chuig gach aistriú creidmheasa, a bhfuil a n-éifeachtúlacht in aghaidh calaoise agus botún sna margaí sin inar tugadh isteach iad cruthaithe acu cheana[38].

Le PSD2, tugadh isteach ceart aisíocaíochta do thomhaltóirí a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa neamhúdaraithe agus leo sin amháin, i.e. na cásanna úd nár thoiligh an t-íocóir an t-idirbheart íocaíochta a dhéanamh. Ní chumhdaítear leis, áfach, na cineálacha calaoise a tháinig chun cinn ó glacadh é agus atá níos forleithne anois, amhail calaois innealtóireachta sóisialta a luaitear thuas. Cé gurb é an toradh atá ar chur i bhfeidhm SCA a tugadh isteach le PSD2 gur tháinig laghdú mór cheana féin ar an leibhéal calaoise a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe, tá sé neamhéifeachtúil ar an mórgóir maidir leis na cineálacha nua calaoise sin a chosc. Measann an Coimisiún, i ndáil leis an innealtóireacht shóisialta, go bhfuil an difríocht idir idirbhearta údaraithe agus neamhúdaraithe ag éirí níos doiléire agus níos casta a chur i bhfeidhm sa chleachtas, agus go dtagann ceisteanna dlíthiúla aníos freisin maidir le cé acu is féidir nó nach féidir idirbheart a mheas a bheith údaraithe díreach mar gheall ar SCA a bheith déanta.

Creideann an Coimisiún gur cheart aon athrú ar chreat dliteanais PSD2 rannchuidiú leis an gcalaois a laghdú ach gan baol morálta nua a chruthú, rud a d'fhéadfadh ceart ginearálta aisíocaíochta a chruthú, nó gan a dhéanamh ach iarmhairtí airgeadais na calaoise a ath-leithdháileadh. Tá sé beartaithe aige dá bhrí sin cearta breise aisíocaíochta a thabhairt isteach do thomhaltóirí a théann níos faide ná idirbhearta neamhúdaraithe, ach le haghaidh

[36] Treoir 2019/882 an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.
[37] Mheas seirbhísí an Choimisiúin gurb é €323 mhilliún in aghaidh na bliana é luach na calaoise innealtóireachta sóisialta, ar bhonn shonraí ÚBE. Féach an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí meandracha, SWD(2022)546 final.
[38] Le seirbhísí den sórt sin, ar ann dóibh ar an leibhéal intíre i roinnt Ballstát, tugtar foláireamh d'íocóir faoi aon neamhréireacht idir an uimhir chuntais (IBAN) agus ainm an íocaí sula dtugtar íocaíocht i gcrích. Tá beartaithe cheana leis an togra reachtach ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí meandracha (COM(2022) 546 final an 26/10/2022) oibleagáid a chur ar PSPanna córas den sórt sin a chur ar fáil (ach i gcás aistrithe creidmheasa meandracha in euro agus sa chás sin amháin).

roinnt cásanna sonracha amháin – agus faoi réir roinnt coinníollacha. Loighic an Choimisiúin is ea go bhféadfadh údar a bheith le ceart aisíocaíochta i gcás inar féidir a mheas, mar gheall ar a ghníomhaíochtaí nó a neamhghníomhaíochtaí, go bhfuil dliteanas an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta i ngníomh. Ceann de na cásanna sin is ea cás inarb í teip IBAN/na seirbhíse fíordheimhniúcháin ainm is cúis le damáistí a dhéantar don tomhaltóir. Cás eile ina mbeadh údar le ceart aisíocaíochta is ea cás ina mbeidh tomhaltóir ina íospartach calaoise ag calaoiseoir a ligeann air féin gur fostaí de chuid bhanc an chustaiméara é, mar shampla trí uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist an bhainc a úsáid ('calaois bunaithe ar an gcosúlacht', nó 'spúfáil'). Sa chás deireanach sin, amhail an custaiméir, d'fhéadfaí a mheas gur íospartach freisin é PSP ó tharla gur forghabhadh a dhintiúir agus a fhoireann go calaoiseach. Mar sin féin, i líon méadaitheach Ballstát, bíonn níos mó banc ag roghnú idirbhearta 'spúfála' calaoiseacha den sórt sin a aisíoc, ós ábhar imní dóibh, mar is ceart, tionchar na calaoise sin ar a gclú agus ar iontaoibh tomhaltóirí sa chóras baincéireachta. Is cosúil go bhfuil an treocht chéanna le sonrú i rialuithe roinnt cúirteanna náisiúnta freisin. Ní féidir déanamh d'uireasa roinnt eisceachtaí ar chearta aisíocaíochta den sórt sin, áfach, agus roinnt coimircí ina leith, go háirithe i gcás mórfhaillí ag an tomhaltóir nó i gcás ina mbeidh an tomhaltóir mar chuid den chamscéim.

Tá saincheist na calaoise ríthábhachtach don Choimisiún. Déanfaidh sé faireachán géar ar an gcaoi a bhforbraíonn calaois íocaíochta, i gcomhar le heagraíochtaí tomhaltóirí, agus beidh sé ullamh, i gcás inar ghá, chun coigeartuithe ar an gcreat dlíthiúil a mholadh, lena n-áirítear maidir leis an aistriú dliteanais a leathnú a thuilleadh. Tá coinne ag an gCoimisiún leis go ndéanfaidh gach gníomhaí sa slabhra íocaíochta, bíodh sé príobháideach nó poiblí, rialáilte nó neamhrialáilte, a chuid iomlán féin chun calaois a chosc. Ba cheart do cheannaithe, scéimeanna íocaíochta, soláthraithe seirbhíse teicniúla, oibreoirí líonra mhóibíligh, ardáin idirlín agus gníomhaithe eile a gcuid iomlán féin a dhéanamh san iarracht chomhchoiteann in éineacht le PSPanna rialáilte, agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh a ndliteanas i ngníomh i roinnt cásanna freisin.

### 3.5. Dí-rioscú agus saincheisteanna a bhaineann le hiomaíocht[39]

Tá méadú tagtha ar líon agus tábhacht PSPanna neamhbhainc ó tháinig PSD2 i bhfeidhm. Cé gur féidir leo seirbhísí cuntas íocaíochta a chur ar fáil, ní fhéadfaidh siad iasachtaí a thabhairt, murab ionann agus bainc, agus ní mór dóibh cistí custaiméara a choimirciú le banc tráchtála chun ceadúnas a fháil. Is gá cuntas i mbanc tráchtála a bheith ag PInna agus EMInna dá réir sin. Thairis sin, chun seirbhísí íocaíochta a chur ar fáil, is gá rochtain a fháil ar phríomhbhonneagair íocaíochta a phróiseálann agus a shocraíonn íocaíochtaí.

Bhí deacrachtaí ag PInna agus EMInna le fadhbanna 'dí-rioscaithe' ag bainc thráchtála, ar a dtugann ÚBE fianaise ina Thuairim ó mhí Eanáir 2022[40]. Maidir le rochtain ar chuntais bainc tráchtála, cé go gceanglaítear le PSD2 ar bhainc míniú a thabhairt ar aon chás ina ndiúltaíonn siad rochtain a dheonú do PI nó EMI ar chuntas agus údar a thabhairt leis, is minic a thugann siad sracmhínithe pro forma air sin, nó a dheonaíonn siad rochtain ach a tharraingíonn siar ina dhiaidh sin í, rud nach gceanglaítear orthu a mhíniú le PSD2. Is féidir leis sin briseadh mór a dhéanamh ar ghníomhaíocht PInna agus EMInna.

Thairis sin, leis an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta (SFD[41]), mar atá sí faoi láthair, cuirtear cosc ar rochtain ag PSPanna neamhbhainc ar bhonneagair íocaíochta atá

[39] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 108(c) PSD2; féach Foscríbhinn 1.
[40] EBA Opinion and annexed report on de-risking.pdf (europa.eu)
[41] Treoir 98/26/CE an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús, arna leasú.

ainmnithe ag na Ballstáit faoin Treoir sin, ós rud é nach luaitear iad inti mar rannpháirtithe féideartha. Tugann sé sin ar PInna agus EMInna a bheith ag brath níos mó fós ar bhainc thráchtála, ní hamháin chun cistí custaiméara a choimirciú ach chun íocaíochtaí a dhéanamh freisin, rud a fhágann PSPanna spleách go struchtúrtha ar bhainc agus a chruthaíonn éagothroime iomaíochta a cháineann rannpháirtithe iomadúla sa mhargadh.

Dá bhrí sin, sa togra ón gCoimisiún lena leasaítear PSD2, tá bearta chun na heasnaimh sin a leigheas agus iomaíocht a dhéanamh níos cothroime. Neartófar go suntasach ceanglais ar bhainc maidir le seirbhísí cuntas bainc a sholáthraítear do PSPanna neamhbhainc, agus beidh ceanglas níos láidre ann maidir le diúltú a mhíniú, lena gcumhdófar aistarraingt seirbhíse freisin, murab ionann agus PSD2. Ceadófar freisin do bhainc cheannais seirbhísí cuntas a sholáthar do PSPanna neamhbhainc, dá rogha féin. Beartaíonn an Coimisiún freisin SFD a leasú chun PInna[42] a áireamh ann mar rannpháirtithe féideartha i gcórais íocaíochta ainmnithe. Ar na rialacha athbhreithnithe maidir le híocaíocht áireofar rialacha treisithe maidir le PInna a thabhairt isteach mar rannpháirtithe i gcórais íocaíochta, agus measúnú riosca iomchuí ann.

3.6. Forfheidhmiú

Tá forfheidhmiú leordhóthanach fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear rialacha PSD2 i bhfeidhm agus chun feidhme go comhchuibhithe. Le prionsabal an chomhchuibhithe iomláin, ceanglaítear ar na Ballstáit gan forálacha a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach seachas iad siúd a leagtar síos in PSD2. Déanann na páirtithe leasmhara éagsúla sa mhargadh íocaíochtaí rialacha PSD2 a léirmhíniú agus a chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla, áfach, d'ainneoin go bhfuil treoraíocht neamhcheangailteach léirmhínitheach le fáil, *inter alia*, faoi chuimsiú na huirlise Ceisteanna agus Freagraí, Tuairimí agus threoirlínte ÚBE[43]. Is ar bhonn náisiúnta a dhéantar maoirseacht ar PInna, agus údaráis náisiúnta inniúla freagrach aisti laistigh dá ndlínse. Tá éagothroime iomaíochta ann, agus an fhéidearthacht go ndéanfaí arbatráiste rialála, i gcás ina mbunaíonn PSPanna iad féin i mBallstát a chuireann rialacha PSD2 i bhfeidhm ar bhealach atá buntáisteach dóibh agus a dhéanann seirbhísí trasteorann uaidh sin le Ballstáit eile a bhfuil léirmhínithe níos déine acu.

Ina fhianaise sin, is iomchuí cumhachtaí forfheidhmithe na n-údarás inniúil náisiúnta a neartú, go háirithe i réimse na bpionós, agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha an Aontais maidir le híocaíochtaí a áirithiú tríd an gcuid is mó de na rialacha in PSD2 a thrasfhoirmiú i Rialachán is infheidhme go díreach.

3.7. Saincheisteanna eile

*i. Institiúidí íocaíochta beaga*[44]

Le PSD2, ceadaítear do na Ballstáit PInna beaga a chur faoi réir ceanglais mhaoirseachta níos éadroime, ar choinníoll go n-urramaítear tairseacha áirithe maidir le hidirbhearta íocaíochta arna ndéanamh[45]. Níor sainaithníodh aon saincheist shubstaintiúil a bhaineann le leibhéil reatha na dtairseach, agus dá bhrí sin níl aon chúis láidir ag an gCoimisiún lena bheartú go n-athrófaí na tairseacha; mar sin féin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tairseacha a thabhairt cothrom le dáta don bhoilsciú agus sin a dhéanamh go tréimhsiúil amach anseo, agus úsáid á baint as reachtaíocht tharmligthe.

[42] Ní EMI, toisc go ndéanfar stádas mar institiúid ríomh-airgid a chomhcheangal le stádas mar institiúid íocaíochta i gcreat amach anseo; féach mír 3.7(ii) thíos.
[43] Leabhar Rialacha Aonair C&F | An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (europa.eu)
[44] Freagraíonn an roinn seo d'Airteagal 108(e) PSD2; féach Foscríbhinn 1.
[45] Airteagal 108(e) i gcomhar le hAirteagal 32 PSD2.

*ii. Simpliú: cuíchóiriú le seirbhísí ríomh-airgid*

Sa dara Treoir um Airgead Leictreonach (EMD2[46]) tá rialacha maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid (EMInna) a údarú agus a mhaoirsiú. Tá rialacha in PSD2 maidir le PInna a údarú agus a mhaoirsiú agus bunaítear leis cearta agus oibleagáidí agus ceanglais maidir le trédhearcacht sa ghaolmhaireacht idir na soláthraithe seirbhísí íocaíochta uile (lena n-áirítear EMInna) agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Ós rud é go ndéantar idirbhearta íocaíochta ina n-úsáidtear ríomh-airgead a rialáil le PSD2 cuid an-mhór cheana, tá an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le EMInna agus PInna réasúnta comhsheasmhach cheana. Tá na ceanglais cheadúnúcháin, go háirithe maidir caipiteal tosaigh agus caipiteal leanúnach, agus roinnt príomhchoincheapa lena rialaítear gnó an ríomh-airgid, amhail eisiúint ríomh-airgid, dáileadh ríomh-airgid agus infhuascailteacht, éagsúil go maith leis na seirbhísí a sholáthraíonn institiúidí íocaíochta, áfach. Bhí deacrachtaí praiticiúla ar údaráis mhaoirseachta teorainn shoiléir a dhéanamh idir an dá chóras agus idirdhealú a dhéanamh idir táirgí/seirbhísí ríomh-airgid agus seirbhísí a chuireann PInna ar fáil. Mar thoradh air sin, tá ábhair imní ann faoi arbatráiste rialála agus éagothroime iomaíochta, agus tá saincheisteanna ann maidir leis an gcás ina bhféadfadh roinnt institiúidí a eisíonn ríomh-airgead dul timpeall ar cheanglais EMD2, agus iad ag baint leasa as an gcomhchosúlacht idir seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid, trí iarratas a dhéanamh ar údarú mar institiúid íocaíochta agus mar sin amháin.

Is leordhóthanach anois an taithí a fuarthas chun teacht ar an gconclúid gurb iomchuí an dá chóras[47] a chumasc, iad a thabhairt le chéile in aon phíosa reachtaíochta amháin agus a chomhchuibhiú a mhéid is féidir, ach an deis a thabhairt fós do shainiúlachtaí i gcás ina mbeidh údar leo. Tabharfaidh sé sin aghaidh ar ábhair imní agus dúshláin maidir le teorainn a dhéanamh idir an dá chreat dhlíthiúla, go háirithe ag an gcéim cheadúnúcháin. Áiritheoidh sé ina theannta sin go ndéanfar na ceanglais dlí a chomhchuibhiú níos fearr, a shimpliú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach le haghaidh PInna agus EMInna, rud a choiscfidh arbatráiste rialála agus a áiritheoidh cothroime iomaíochta agus creat dlíthiúil a bheidh slán i bhfad na haimsire.

## 4. CONCLÚIDÍ

I bhfianaise thorthaí na tuarascála meastóireachta ar PSD2, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar thaobh amháin, go bhfuil gá le leasuithe spriocdhírithe agus gur tráthúil iad ach, ar an taobh eile, gur cheart na leasuithe sin a bheith ina bhforbairt ar chreat íocaíochtaí an Aontais, ní ina réabhlóid. I réimsí áirithe – raon feidhme na reachtaíochta nó formhuirearú, mar shampla – ní bhfuarthas aon fhianaise go bhfuil fadhbanna ann a thabharfadh údar le hathruithe móra láithreacha, cé go leanfar den athbhreithniú orthu sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibreoirí córas íocaíochta i bhfianaise chlásal athbhreithniúcháin DORA. I réimsí eile, an bhaincéireacht oscailte mar shampla, i bhfianaise leagáid PSD2 agus na n-infheistíochtaí a rinneadh cheana chun caighdeáin PSD2 a chur chun feidhme, agus i bhfianaise na gcostas a bheadh i gceist leis na ceanglais sin a athrú as cuimse, measann an Coimisiún go bhfuil sé fíor-riachtanach fáil réidh le rogha ar bith atá bainteach le costais mhóra nua cur chun feidhme agus/nó torthaí neamhchinnte.

Pacáiste athruithe atá sna hathbhreithnithe beartaithe ar PSD2 a fheabhsóidh feidhmiú mhargadh íocaíochtaí an Aontais agus a threiseoidh cosaint tomhaltóirí go substaintiúil. Tá na hathruithe sin i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí straitéis íocaíochtaí miondíola an

[46] Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, arna leasú.

[47] Féach an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus tionchar Threoir 2009/110/CE, go háirithe maidir le ceanglais stuamachta a chur i bhfeidhm le haghaidh Institiúidí Ríomh-airgid.

Choimisiúin agus comhlántach le tionscnaimh leanúnacha amhail an togra reachtach maidir le híocaíochtaí meandracha agus an togra maidir le 'hairgeadas oscailte' (FIDA) atá beartaithe ag an gCoimisiún freisin lena athbhreithnithe ar PSD2.

## FOSCRÍBHINN 1

### Airteagal 108 de Threoir (AE) 2015/2366

*Clásal athbhreithniúcháin*

*Faoin 13 Eanáir 2021, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar na Treorach seo, agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:*

*(a) a iomchuí atá na rialacha maidir le muirir a leagtar amach in Airteagal 62(3), (4) agus (5), agus tionchar na rialacha sin;*

*(b) cur i bhfeidhm Airteagal 2(3) agus (4), lena n-áirítear measúnú ar an féidir Teideal III agus Teideal IV a chur i bhfeidhm go hiomlán ar idirbhearta íocaíochta dá dtagraítear sna míreanna sin, i gcás ina mbeidh sé sin indéanta go teicniúil;*

*(c) rochtain ar chórais íocaíochta, ag féachaint go háirithe do leibhéal na hiomaíochta;*

*(d) a iomchuí atá na tairseacha i gcomhair na n-idirbheart íocaíochta dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 3, agus tionchar na dtairseach sin;*

*(e) a iomchuí atá an tairseach i gcomhair na díolúine dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(1), agus tionchar na tairsí sin;*

*(f) an mbeadh sé inmhianaithe, i bhfianaise forbairtí, mar chomhlánú ar na forálacha in Airteagal 75 maidir le hidirbhearta íocaíochta i gcás nach mbeidh an méid ar eolas roimh ré agus a mbeidh cistí blocáilte, uasteorainneacha a thabhairt isteach i leith na méideanna atá le blocáil ar chuntas íocaíochta an íocóra i gcásanna den sórt sin.*

*Más iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach isteach i dteannta na tuarascála uaidh.'*

## FOSCRÍBHINN 2

## Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2022/2554 (DORA)

*‘I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/2366, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le cibear-athléimneacht mhéadaithe i gcórais íocaíochta agus gníomhaíochtaí próiseála íocaíochta agus ar a iomchuí atá sé raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig oibreoirí córas íocaíochta agus eintitis a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí próiseála íocaíochta. I bhfianaise an mheasúnaithe sin, déanfaidh an Coimisiún, mar chuid den athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2366, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná 17 Iúil 2023.*

*Bunaithe ar an tuarascáil athbhreithnithe sin, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ÚMEnna, BCE agus BERS, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus mar chuid den togra reachtach a fhéadfaidh sé a ghlacadh de bhun Airteagal 108, an dara mír, de Threoir (AE) 2015/2366, togra a thíolacadh chun a áirithiú go mbeidh oibreoirí uile na gcóras íocaíochta agus na heintitis uile a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí próiseála íocaíochta faoi réir formhaoirseachta iomchuí, agus maoirseacht ag an mbanc ceannais atá ann cheana á cur san áireamh.’*